Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2007**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

*ag measúnú*

## Modúl 1

**[ASH11]**

**DÉ hAOINE 12 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.
Tá 12 mharc ag dul do Cheist 1 i ngach rogha. Táthar ag súil le míniú agus tuiscint ar na coincheapa cuí agus le breithiúnais atá bunaithe ar fhianaise fhíorasach. Ba chóir duit 15 nóiméad a chaitheamh ar an cheist seo.
Tá 68 marc ag dul do Cheist 2 i ngach rogha. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh tú foinse ábhar a léirmhíniú, a mheas agus a úsáid ina comhthéacs stairiúil.

## ROGHA 5 NA NAITSITHE AGUS AN GHEARMÁIN 1919–1945

Freagair ceachtar acu ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Cá shuntasaí a bhí teip Putsch Munchen in 1923 maidir le teacht i gcumhacht na Naitsithe sa tréimhse 1924–1933? [12]

**Nó**

**(b)** Cad é mar a d'athraigh saol daoine óga agus saol na mban sa Ghearmáin mar gheall ar pholasaithe na Naitsithe idir 1933 agus 1939? [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse 1**
Sliocht as alt le Rudolf Hess, Leas-Führer, sa nuachtán Naitsíoch *Völkischer Beobachter*, 13 Deireadh Fómhair 1936.

> Nach iontach go deo iad éachtaí eacnamaíocha an Tríú Reich! Agus muid ag teacht i réim in Eanáir 1933 bhí an geilleagar ar an dé deiridh mar gheall ar dhífhostaíocht mhór. Taobh istigh de chúpla bliain bhí an geilleagar tugtha ar ais chuige féin againn, na milliúin duine ar ais ag obair, bia ag ár muintir agus arm nua-aoiseach á chur le chéile. Tá atharmáil iomlán ar bun againn, a fhágann gur cinnte ná riamh atá na máithreacha Gearmánacha nach marófar a gcuid páistí in aon chogadh amach anseo.

**Foinse 2**
Sliocht as tuairisc rúnda le Daonlathach Sóisialta chuig ceannaireacht an pháirtí a bhí ar deoraíocht, Meán Fómhair 1938. Chuir na Naitsithe cosc ar an Pháirtí Dhaonlathach Shóisialta i Meitheamh 1933.

> Cuid mhór de na hoibrithe oilte a bhí dífhostaithe ar feadh i bhfad, ní Naitsithe díograiseacha iad. Is minic an gearán acu gur lú go mór a bhfuil á shaothrú anois acu ná a bhíodh á shaothrú roimh 1929 acu. Na daoine is boichte i measc an lucht oibre, bíonn an gearán acu siúd gur lú i gcónaí an méid is féidir a cheannach leis an tuarastal agus caithfear a admháil gur ag dul in olcas atá an sclábhaíocht le gach lá a thagann. Is minice atá an lucht oibre á dhúshaothrú anois, agus is amhlaidh an scéal i gcás fhostú na mban, ainneoin idéal na Naitsithe i dtaca le mná de. Tá na Naitsithe i ngreim ag atharmáil ach ní thig leo siúd, fiú, na haidhmeanna uile acu a chur i gcrích.

**Foinse 3**
Sliocht as *The Nazi Economic Recovery 1932–1938*, le R. J. Overy, arna fhoilsiú in 1982.

> Agus na Gearmánaigh ag ullmhú don chogadh, ba ag an am seo a tháinig na laigí maidir le téarnamh geilleagrach na Gearmáine chun suntais. Ó 1936 amach, cuirtear in iúl ag na staitisticí uile gur ag moilliú a bhí an fás. Má éirigh leo an téarnamh gearrthréimhseach a thabhairt chun críche go hiontach gasta, ní raibh na hionchais fáis san fhadtréimhse chomh dóchasach céanna. Nuair a thosaigh siad ag ullmhú don chogadh ní raibh aon ghéarchéim ann dáiríre sa gheilleagar, sé sin sular thosaigh an cogadh i Meán Fómhair 1939, ach bhí droch-éifeacht aige ar a raibh bainte amach roimhe sin acu.

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1.** Cá húsáidí atá sé mar fhianaise ag staraí atá i mbun staidéir ar an téarnamh geilleagrach agus na Naitsithe i réim faoi 1936? [13]

**(b)** In **Foinsí 1 agus 2** tá cuntais dhifriúla chomhaimseartha ar na torthaí a bhí ar pholasaithe eacnamaíocha na Naitsithe. **Cén dóigh**, agus **cad chuige**, a bhfuil siad difriúil lena chéile? [25]

**(c)** Na foinsí **uile**, **agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas á rathúla a bhí polasaithe eacnamaíocha na Naitsithe sa tréimhse 1933–1939. [30]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.